



2026/1351

15.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1351 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2026

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise
ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643 ⁽¹⁾.
- (2) Sna conclúidí uathí an 16 Márta 2026, cháin an Chomhairle Cónaidhm na Rúise agus a hionadaithe go láidir agus thug sí chun cuntais iad as a bhfeachtais hibrídeacha leanúnacha comhordaithe sheanbhunaithe, arb é is aidhm dóibh slándáil, athléimneacht agus bonn daonlathach an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe a chur i mbaol agus an bonn a bhaint díobh agus den tacaíocht a thugtar don Úcráin agus dá cumas í féin a chosaint. Dhearbhaigh an Chomhairle go leanfadh sí de bheith ag gníomhú go diongbháilte trí chur chuige straitéiseach chun bagairtí hibrídeacha na Rúise a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta neamhshiméadracha comhréireacha i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.
- (3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha.
- (4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 10 ndaoine nádúrtha agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj>).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 mar a leanas:
(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’leis:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘70.	Maria Vladimirovna DUDKO (Rúisis: Мария Владимировна ДУДКО)	Feidhm: Stiúrthóir ar an ngníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless” (Bezgranichnye) Dáta breithe: 26.11.1994 Áit bhreithe: Stavropol, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Maria Dudko stiúrthóir ghníomhaireacht caidrimh phoiblí na Rúise “Limitless” (Bezgranichnye), arna maoiniú ag rialtas na Rúise trí dheontais ó Fhondúireacht an Uachtaráin um Thionscnaimh Chultúrtha (Presidential Foundation for Cultural Initiatives), fondúireacht a cruthaíodh le foraithe ó Uachtarán na Rúise Vladimir Putin. Soláthraíonn Fondúireacht an Uachtaráin do Thionscnaimh Chultúrtha deontais chun tionscadail éagsúla a mhaoiniú, lena n-áirítear tionscadail trína dtacaítear le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Leis an gcistiú don ghníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless”, cumasaíodh oibríochtaí ghníomhaireacht PR. Tá an ghníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless” freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thionchairí an Iarthair a thagann le hinsintí na Creimile agus le pointí cainte bolscaireachta ar son an chogaidh, rud a dhíchobhsaíonn an Úcráin agus comhghuaillithe na hÚcráine tríd an spás faisnéise a líonadh leis an mbréagaisnéis. Tá baint phearsanta ag Maria Dudko freisin le tacú leis na hiarrachtaí sin. Dá bhrí sin, tá éascú á dhéanamh ag Maria Dudko ar ghníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus leis an gcur isteach ar fhaisnéis.	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
71.	Alexandra JOST (Rúisis: Александра ЙОСТ) Ar a dtugtar freisin: Sasha JOST (Rúisis: Саша ЙОСТ)	Feidhm: Blagálaí, tionchaire meán sóisialta Dáta breithe: 15.5.1998 Áit bhreithe: Hong Cong, an tSín Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is tionchaire meán sóisialta í Alexandra Jost a bhfuil cónaí uirthi sa Rúis. Tá sí ag feidhmiú go gníomhach ar roinnt cuntas meán sóisialta (X, Instagram, Tik Tok, You Tube, Telegram) ón Rúis faoin ainm “Sasha meets Russia” nó “Sasha and Russia”, agus rochtain shuntasach aici i measc lucht féachana an Iarthair. Tá bonn leathan leantóirí tógtha aici faoi scáth cumhdach cultúrtha, agus í ag díriú ag an am céanna ar bholscaireacht ar son an chogaidh agus ar son na Creimile maidir leis an Úcráin, agus ag tacú le bunaíocht pholaitiúil na Creimile agus le fórsaí armtha na Rúise. Go háirithe, tá bréagaisnéis á scaipeadh aici agus tá sí ag tacú le héilimh chríochacha nuachoilíneacha na Rúise faoin Úcráin agus leis an ionradh míleata ar an Úcráin, mar shampla, agus í ag labhairt faoi Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy mhaígh sí gur cuid den Rúis an Chrimé agus is gearr go mbeidh an Úcráin ar fad ina cuid di freisin. Chuir sí ábhar ar líne amach agus í á híoc ag TV-Novosti, an t-eintiteas dlítheanach atá taobh thiar d'eagraíocht meán stáit na Rúise Russia Today (“RT”), atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais. Léirigh imscrúdú neamhspleách go bhfuair Alexandra Jost cistiú ó eagraíocht meán stáit na Rúise, RT, ar fiú 170 000 rúbal na Rúise (USD 2 000) in aghaidh na míosa ar an meán é i rith na chéad trí ráithe de 2024. Fuair Alexandra Jost agus a fear céile deontais freisin ó Fhondúireacht Uachtaránachta na Creimile um Thionscnaimh Chultúrtha a cuireadh tríd an ngníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless”. Ghlac sí páirt freisin i dtrí imeacht chomhordaithe ar a laghad in 2025, lena n-áirítear le Maria Butina (ar duine aonair í faoi réir bhearta sriantacha an Aontais). Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme ag Alexandra Jost, tá sí ag tacú leo agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin) trí ionramháil agus cur isteach comhordaithe a dhéanamh ar fhaisnéis, nó trí thacú leis an úsáid sin nó trína héascú ar bhealach eile.	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
72.	Roman Yurevich ANTONOVSKII (Rúisis: Роман Юрьевич АНТОНОВСКИЙ)	Feidhm: Scríbhneoir agus poiblitheoir Rúiseach, bolscaire, údar an chainéil Telegram “Sons of the Monarchy” Dáta breithe: 30.11.1979 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is scríbhneoir, poiblitheoir agus bolscaire Rúiseach é Roman Antonovskii atá cleamnaithe leis an eagraíocht meán Tsargrad TV atá ar son na Creimile, agus is údar an chainéil Telegram “Sons of the Monarchy” é. Trína chuid foilseachán, a láithreacht sna meáin, agus a ghníomhaíochtaí ar líne, scaipeann sé go córasach insintí atá ailínithe le bolscaireacht stáit Chónaidhm na Rúise. Déanann Roman Antonovskii fogha armtha na Rúise faoin Úcráin a chur chun cinn go gníomhach agus a dhlisteanú. Ina chumarsáid agus ina scríbhinní poiblí, scaipeann sé bolscaireacht atá i gcoinne na hÚcráine, déanann sé muintir na hÚcráine a dhídhaonnú, agus cuireann sé insintí idé-eolaíocha faoin “domhan Rúiseach”, mar a thugtar air, chun cinn, ar scéalta iad a úsáideann an Chreimil go forleathan chun údar a thabhairt lena beartais leathnaitheacha agus le hionghabháil neamhdhleathach chríocha na hÚcráine. Shéan sé arís agus arís eile ceart na hÚcráine ar cheannasacht agus a ceart chun státachta, agus d’áitigh sé gur cheart críocha na hÚcráine a ionchorprú i gCónaidhm na Rúise, agus déanann sé tagairt do réigiúin na hÚcráine faoi fhorghabháil trí úsáid a bhaint as coincheapa impiriúla amhail “Little Russia” agus “Novorossiya”. Trí na ráitis sin, cuireann Roman Antonovskii díchóimeáil na hÚcráine mar stát neamhspleách chun cinn agus tacaíonn sé go poiblí le leathnú críochach Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Roman Antonovskii ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas an Aontais, a Bhallstát agus tríú tír (an Úcráin) agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a úsáid, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
73.	Pavel Alekseyevich ASTAKHOV (Rúisis: Павел Алексеевич АСТАХОВ)	Feidhm: Polaiteoir, dlíodóir agus pearsantacht teilifíse Rúiseach Dáta breithe: 8.9.1966 Áit bhreithe: Moscó, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is dlíodóir Rúiseach, pearsantacht sna meáin agus iarChoimisinéir Uachtaránachta um Chearta Leanáí de Chónaidhm na Rúise é Pavel Astakhov (2009 go 2016). Lean sé de ról a bheith aige sna meáin atá ailínithe le stát na Rúise agus tá tionchar aige go fóill ar chúrsaí sa ról sin. D'óstáil sé cláir theilifíse agus raidió d'eagraíochtaí lena n-áirítear REN TV agus Radio Sputnik, ina ndearna sé trácht arís agus arís eile ar fhorbairtí polaitiúla a bhaineann le beartas eachtrach na hÚcráine agus na Rúise. Tar éis na hionghabhála neamhdhleathaí ar an gCrimé in 2014, thacaigh Astakhov go poiblí le hionchorprú na Crimé i gCónaidhm na Rúise agus d'fhormhuinigh sé insintí oifigiúla lena cosnaíodh gníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin. Thaistil sé freisin go críocha Oirthear na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, lena n-áirítear réigiún Donbas, áit a raibh sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí poiblí a cuireadh i láthair mar mhisin dhaonnúla nó mar mhisin cosanta leanaí. Rinneadh na cuairteanna sin gan toiliú údaráis na hÚcráine agus rannchuidigh siad le dlisteanú na struchtúr a oibríonn sna críocha sin agus a fhaigheann tacaíocht ón Rúis. Trína ráitis phoiblí, a ghníomhaíochtaí sna meáin agus a léiriúcháin chlosamhairc, ghlac Pavel Astakhov páirt i scaipeadh insintí atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha Rialtas Chónaidhm na Rúise agus thacaigh sé leis an scaipeadh sin, lena n-áirítear insintí lena gcosnaítear sárúithe ar cheannasacht agus ar iomláine chríochach na hÚcráine agus lena ndéantar míchlú a tharraingt ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, á gcur chun feidhme agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú tír (an Úcráin) agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a úsáid, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
74.	Olga Adolfovna KIRIY (Rúisis: Ольга Адольфовна КИРИЙ)	Feidhm: Náisiúnach Rúiseach agus iriseoir agus léiritheoir le RT Documentary Dáta breithe: 19.7.1968 Áit bhreithe: Tambov, PCSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is náisiúnach Rúiseach í Olga Kiriya agus is iriseoir agus léiritheoir í ag RT Documentary, eagraíocht meán atá faoi rialú an stáit agus a bhfuil ról lárnach aici i gcogaíocht faisnéise na Creimile. Rannchuidíonn sí go córasach le scaipeadh insintí bréagaisnéise arb é is aidhm dóibh údar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tacaíonn a cuid oibre go díreach le cuspóirí cumarsáide straitéisí na Creimile tríd an Úcráin a léiriú mar stát “faisisteach” nó “tocsaineach” agus trí ghníomhaíochtaí míleata na Rúise a dhlisteanú. Is í Olga Kiriya údar agus léiritheoir an iliomad scannán bolscaireachta, lena n-áirítear Azovstal (2022), The Victims Speak ... (2023), Cossacks (2023), I Blame Fascism (2025), agus Ukraine’s Toxic War (2025). Cuireann na léiriúcháin sin le hinsintí lárnacha na Creimile, déanann siad fíricí faoin staid san Úcráin a shaothradh, agus féachann siad le tionchar a imirt ar an bpobal sa Rúis agus ar an bpobal idirnáisiúnta araon. Tríd a ghníomhaíochtaí, glacann Olga Kiriya páirt ghníomhach i bhfeachtais ionramhála agus cur isteach eachtraigh ar fhaisnéis arna n-eagrú ag stát na Rúise. Scaiptear a cuid oibre sa Rúis agus thar lear freisin, lena n-áirítear trí fheachtais fógraíochta idirnáisiúnta RT Documentary agus trína rannpháirtíocht in imeachtaí eachtracha, i dtaispeáintí agus i dtionscnaimh meán. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí den sórt sin teacht timpeall ar na srianta atá ann cheana ar mheáin stáit na Rúise agus tionchar a imirt ar thuairimí an phobail i dtríú tíortha. De bhua a poist agus a ghníomhaíochtaí, tá Olga Kiriya ag tacú le ghníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, á gcur chun feidhme agus á n-éascú, ar ghníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú tír (an Úcráin) agus ar bagairt iad na ghníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a úsáid, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
75.	Igor Valentinovich MALTSEV (Rúisis: Игорь Валентинович МАЛЬЦЕВ)	Feidhm: colúnaí do “RT in Russian”, “Life”, “Kommersant”, scríbhneoir Rúiseach, poiblitheoir, láithreoir teilifíse agus iriseoir Dáta breithe: 26.10.1958 Áit bhreithe: Leningrad, PCSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iriseoir, scríbhneoir agus tráchttaire meán Rúiseach é Igor Maltsev a úsáideann móreagraíochtaí meán atá ar son na Creimile (lena n-áirítear RT, Life agus Kommersant) chun bolscaireacht, bréagaisnéis agus insintí a scaipeadh arb é is aidhm dóibh: an bonn a bhaint de státacht agus ceannasacht na hÚcráine, míchlú a tharraingt ar cheannaireacht pholaitiúil agus mhíleata na hÚcráine agus tacaíocht an Iarthair don Úcráin a lagú. Tacaíonn Igor Maltsev go hoscailte le mórionradh na Rúise ar an Úcráin agus tugann sé údar d'fhorghabháil chríoch na hÚcráine. Sa mhéid a chuireann sé amach ar na meáin agus ar a chainéal Telegram, déanann Igor Maltsev pearsanra míleata na Rúise, grúpaí armtha neamhdhleathacha, amhais, agus riarthóirí forghabhála a ghlóiriú agus cuireann sé meas in iúl do Vladimir Putin. Chuir Igor Maltsev físchluiche de chuid Aireacht Cosanta na Rúise chun cinn freisin, dar teideal Squad 22: ZOV, ina ndéantar ceiliúradh ar rannpháirtithe an ionraidh, agus míchlú á tharraingt ar chosantóirí na hÚcráine. Déanann Igor Maltsev saighdiúirí na hÚcráine a lipéadú go rialta mar “fanaicigh de chuid na Naitsithe” agus cúisíonn sé go bréagach iad as bheith ina gcúis leis an gcogadh agus le mí-úsáid príosúnach. Scaipeann sé bréagaisnéis faoi “anord”, “coireacht thromchúiseach” agus “ollchreachadh” i gCív, agus cuireann sé insintí bréagacha chun cinn lena léirítear an Úcráin mar mhol domhanda gáinneála neamhdhleathaí ar airm. Trí na hinsintí sin a scaipeadh go comhsheasmhach, tá Igor Maltsev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, á gcur chun feidhme agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú tír (an Úcráin) agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a úsáid, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
76.	Maria Yurievna VOLKONSKAYA (Úcráinis: Марія Юрївна ВОЛКОНСЬКА; Rúisis: Мария Юрьевна ВОЛКОНСКАЯ)	Feidhm: Príomheagarthóir “Krymskaya Gazeta” Dáta breithe: 13.7.1985 Áit bhreithe: Yalta, PCSS na hÚcráine roimhe seo, (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: baineann	Is bolscaire Rúiseach, feidhmeannach meán agus príomheagarthóir ar an nuachtán “Krymskaya Gazeta” atá faoi rialú an stáit í Maria Volkonskaya. Tá ról gníomhach ag Maria Volkonskaya i gcóras bolscaireachta stáit na Rúise agus scaipeann sí insintí naimhdeacha ionramhálacha atá dírithe ar an Úcráin go rialta. Trína cuid oibre eagarthóireachta agus tráchteaireachta poiblí, cuireann sí reitric fhrith-Úcránach chun cinn go láidir, lena n-áirítear insintí lena ndéantar muintir na hÚcráine a dhídhaonnú agus lena léirítear an Úcráin agus a húdarais mar thír neamhdhlisteanach nó antoisceach. Cuidíonn a cuid foilseachán le húdar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus le tacaíocht phoiblí a shlógadh do ghníomhaíochtaí míleata na Rúise. Scaipeann Maria Volkonskaya bréagaisnéis freisin maidir le comhpháirtithe idirnáisiúnta na hÚcráine, lena n-áirítear an Pholainn agus stáit eile an Iarthair, agus cuireann sí in iúl gur gníomhaithe naimhdeacha iad, ag maíomh go bhfuil an Úcráin á hionramháil nó á saothrú acu. Trí na hinsintí sin, féachann sí leis an mbonn a bhaint de thacaíocht idirnáisiúnta don Úcráin agus le tuiscint an phobail ar ról thíortha an Iarthair sa choinbhleacht a shaobhadh. Trí bholascaireacht agus bréagaisnéis frith-Úcránach a scaipeadh go córasach, lena n-áirítear insintí atá dírithe ar Úcránaigh a dhídhaonnú, fíricí stairiúla a shaobhadh, agus míchlú a tharraingt ar chomhpháirtithe na hÚcráine, tá Maria Volkonskaya ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, á gcur chun feidhme agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus san Úcráin nó ar bagairt iad ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil sin, trí ionramháil ar fhaisnéis a úsáid.	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
77.	Anatoly Aleksandrovich KUZICHEV (Rúisis: Анатолий Александрович КУЗИЧЕВ)	Feidhm: Láithreoir raidió agus teilifíse, colúnaí agus léiritheoir, óstach an chláir “Vremya Pokazhet” ar an gcainéal “One”, agus clár teilifíse All-Russia People's Front Dáta breithe: 15.5.1969 Áit bhreithe: Moscó, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is bolscaire Rúiseach mór le rá é Anatoly Kuzichev a scaipeann bolscaireacht agus bréagaisnéis Rúiseach go gníomhach chun údar a thabhairt do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Deir sé go hoscailte go nglacann sé páirt i gcogadh faisnéise ar thaobh na Rúise, ag dearbhú nach bhfuil feidhm ag prionsabail iriseoireachta le linn cogaidh agus go gcosnaíonn sé seasamh na Rúise. Cuireann Anatoly Kuzichev an Úcráin i láthair go comhsheasmhach mar stát ionsaitheach, meabhlach agus diansmachtúil, arna rialú ag antoiscigh agus le tacaíocht ón Iarthar. Maíonn sé gur cuireadh iallach ar an Rúis dul isteach sa choinbhleacht, gurb iad naimhdeas i leith na Rúise a spreagann ceannaireacht agus sochaí na hÚcráine, agus go bhfuil brú míleata, lena n-áirítear ionsaithe agus maruithe sprioctha, riachtanach agus go bhfuil údar cuí leis. Déanann sé cainteanna síochána a dhíbhe mar chainteanna díobhálacha, deir sé gur braiteoirí nó sceimhlitheoirí iad na hÚcránaigh a chuireann i gcoinne na Rúise, agus leagann sé amach gur streachailt chosantach cheart é an cogadh. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme ag Anatoly Kuzichev agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach comhordaithe a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí choinbhleacht fhoréigneach a thionscnamh agus tacú léi sa tríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	Georgiy Aleksandrovich SHEVKUNOV (Rúisis: Георгий Александрович ШЕВКУНОВ)	Feidhm: Easpag Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise, Ardeaspag Oireachais Simferopol agus an Chrimé, Ceann Ardchathair na Crimé. Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle Phoiblí faoi Aireacht Oideachais na Rúise Dáta breithe: 2.7.1958 Áit bhreithe: Moscó, PCSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Easpag de chuid Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise é Georgiy Shevkunov a bhfuil ról gníomhach aige i mbolscaireacht agus bréagaisnéis Rúiseach, atá dírithe ar údar a thabhairt le fogha armtha na Rúise ar an Úcráin, a scaipeadh. Scaipeann Georgiy Shevkunov bréagaisnéis ar son na Creimile go córasach, lena n-áirítear maímh maidir leis an “Naitsíochas” san Úcráin. Séanann sé ceannasacht na hÚcráine freisin, agus tugann sé údar le hionradh na Rúise ar an Úcráin, á rá gur ionradh riachtanach, cosantach agus forchurtha ag Dia é. Trí sheanmóirí, ardáin na meán, tionscadail chultúrtha státmhaoinithe, agus tiomsú airgid díreach do thrúpaí na Rúise sa Chrimé atá faoi fhorghabháil, cuireann sé gníomhaíochtaí míleata na Rúise chun cinn agus cumasaíonn sé iad. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme ag Georgiy Shevkunov agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach sa tríú tír (an Úcráin).	15.6.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
79.	Kirill FEDOROV (Rúisis: Кирилл ФЕДОРОВ)	Feidhm: Blagálaí míleata, údar an chainéil Telegram “Kirill Fedorov/War.History of Weapons” (“Kirill Fedorov/Voina. Istoriya Oruzhiya”), óstach ar chlár bunaidh ar chainéal bolscaireachta na Rúise “Solovyov LIVE” Dáta breithe: 3.9.1991 Áit bhreithe: Ríge, an Laitvia Náisiúntacht: Laitviach Inscne: fireann	Is bolscaire mór le rá agus comhfhreagraí míleata é Kirill Fedorov a bhfuil ról gníomhach aige i mbolscaireacht agus bréagaisnéis Rúiseach, atá dírithe ar údar a thabhairt do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, a scaipeadh. Léiríonn Fedorov go bhfuil críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil “saortha”. Tiomsaíonn sé airgead freisin d’aonaid túslíne na Rúise, agus cuireann sé é féin i láthair mar eagraí deonach agus na feachtais sin á n-úsáid aige chun teachtaireachtaí ar son an chogaidh a threisiú. Ina ábhar a chruthaíonn sé, cuireann Kirill Fedorov leis an mbréagaisnéis agus le maímh neamhfhióraithe, agus is minic a chuireann sé imeachtaí in iúl ar bhealaí a chuireann míchlú ar an Úcráin agus a dhéanann fórsaí na Rúise a ghlóiriú. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme ag Kirill Fedorov, tá sé ag tacú leo agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach comhordaithe a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach sa tríú tír (an Úcráin).	15.6.2026;

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’ leis:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘20.	Fondúireacht an Uachtaráin um Thionscnaimh Chultúrtha (Presidential Foundation for Cultural Initiatives/ PFKI) (Rúisis: Президентский Фонд Культурных Инициатив / ПФКИ)	Seoladh: Sredniy Ovchinnikovsky 8, Moscó, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 1.6.2021 OGRN: 1217700257170 UAC: 9704068763	Is fondúireacht í an Fhondúireacht an Uachtaráin um Thionscnaimh Chultúrtha (Presidential Foundation for Cultural Initiatives) a cruthaíodh le foraihne ó uachtarán na Rúise Vladimir Putin. Cuireann sé deontais ar fáil chun tionscadail éagsúla, lena n-áirítear tionscadail trína dtacaítear le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Sholáthair an fhondúireacht sin maoiniú freisin don ghníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless” (Bezgranichnye), rud a chumasaíonn a cuid oibríochtaí. Tá an ghníomhaireacht caidrimh phoiblí “Limitless” freagrach as bainistiú a dhéanamh ar thionchairí an Iarthair a thagann le hinsintí na Creimile agus le pointí cainte bolscaireachta ar son an chogaidh, rud a dhíchobhsaíonn an Úcráin agus comhghuaillithe na hÚcráine tríd an spás faisnéise a líonadh leis an mbréagaisnéis. Ós rud é gur chistigh an Fhondúireacht an Uachtaráin um Thionscnaimh Chultúrtha an tionscnamh sin, tá sé páirteach i ngníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus an chur isteach ar fhaisnéis nó, ar shlí eile, tríd an úsáid sin a éascú.	15.6.2026’.